C/2024/596

4.1.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11345 – QIA / OIA / RAKIZA / OMAN BROADBAND COMPANY)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/596)

1. An 12 Nollaig 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Qatar Investment Authority ('QIA', CATAR),

— Oman Investment Authority ('OIA', ÓMAN),

— Oman Infrastructure Fund ('Rakiza', ÓMAN).

Gheobhaidh QIA, OIA agus Rakiza comhrialú, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Oman Broadband Company SAOC ('Oman Broadband Company', ÓMAN).

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is é QIA ciste infheistíochta Stáit Stát Chatar a bunaíodh in 2005 chun cúlchistí an Stáit a infheistiú agus a bhainistiú. Déanann sé infheistíocht i raon leathan cineáil sócmhainní agus réigiúin agus i gcomhpháirtíocht le príomhinstitiúidí ar fud an domhain freisin chun punann infheistíochta dhomhanda agus éagsúlaithe a thógáil a mbeidh dearcadh fadtéarmach aige lenar féidir torthaí inbhuanaithe a bhaint amach agus cur le rathúnas Stát Chatar.

— Is é OIA ciste infheistíochta Stáit Shabhdánacht Óman agus déanann sé an barrachas airgeadais a thugtar ar aghaidh chuige a infheistiú chun tacú le hiarrachtaí an rialtais chun acmhainní ioncaim a éagsúlú agus torthaí a fháil le haghaidh na nglúnta atá le teacht.

— Is cuideachta infheistíochta a bhfuil caipiteal seasta aici é Rakiza a bunaíodh in Óman mar chuid de struchtúr máistir-fothaire. Lena chiste fothaire Rakiza Feeder Fund I LP, tá sainordú aige infheistíocht a dhéanamh i dtionscadail bonneagair in Óman agus san Araib Shádach. Tá Rakiza faoi rialú Rakiza GP I Ltd (comhpháirtí ginearálta Rakiza Feeder Fund I LP).

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó Oman Broadband Company: Is dlúthchuideachta comhstoic é Oman Broadband Company a ionchorpraítear faoi dhlíthe Óman agus atá faoi chomhrialú OIA agus Rakiza. Soláthraíonn sé bonneagar leathanbhanda in Óman le haghaidh soláthraithe seirbhíse cumarsáide agus coinníonn sé ar bun é.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11345 – QIA / OIA / RAKIZA / OMAN BROADBAND COMPANY

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË